

## SnaG idir Óg is Aosta i mBaile Locha Riach!

Caithfidh a admháil go raibh Seachtain na Gaeilge thar a bheith gnóthach i mBaile Locha Riach le déanaí. Bhí réimse leathan imeachtaí ar siúl thar coicís idir 3 –17 Márta agus creidtear go raibh deis ag gach duine idir óg is aosta sa cheantar sult a bhaint as an fhéile.

Bhí ‘**Cinemobile na Gaeilge**’ ar cheann de na imeachtaí ba mhó ina léirigh daltaí bunscoile spéis. D’fhreastail breis agus 320 dalta ó Scoil Náisiúnta Naomh Breandáin, Scoil Náisiúnta Naomh Íde agus ó Ghaelscoil Riabhach ar ‘Cinemobile na Gaeilge’ le breathnú ar roinnt ghearrscannáin, ina measc:

Cúilín Dualach, An Teanga Rúnda, Yú Míng is ainm dom agus Fluent Dyshasia. Thacaigh ‘Cúla 4’ leis an chuairt speisialta seo agus is cosúil gur bhain idir pháistí agus múinteoirí an-sult as.

Bhí na **Deartháracha Fanzini, Fir Grinn** iontach gnóthach ar fad agus iad ar chamchuairt thart ar scoileanna sa cheantar Bhaile Locha Riach idir Ghaelscoileanna, scoileanna náisiúnta is meán-scoileanna. Bhí deis ag naoi scoil ar fad an tSeó Spleodrach seo a fheiceáil agus suas le 1,500 iontach tógtha leis an taispeántas a léiríodh dóibh. Ba cheart dóibh a mbuíochas a ghabháil leis an dream a chuir urraíocht ar fáil dóibh: Coiste Bunaithe Choláiste an Eachréidh, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Conradh na Gaeilge agus Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin.

Bhí rud difriúil eagraithe ag an ‘Active Retirement Ass.’ agus **Bingo Gaelach** ar siúl acu. D’fhreastail breis agus trí scór duine ar an ócáid seo agus an oíche urraithe ag Gaeilge Locha Riach. Ní amháin go raibh cách ag cuimhneamh ar na huimhreacha i nGaeilge ach ba léir go raibh leaganacha úra ar fhrásaí foghlamtha: ‘Súil Uí Cheallaigh – uimhir a haon’, ‘Beirt Bhean Ramhra - Ochtó is a ocht, Cosa a hAon déag ... agus eile.

Bhí **Ceardlanna Seandálaíochta** faoi stiúir Tamás Péterváry, Seandálaí Úngaireach, thar a bheith suimiúil fosta. Rinne sé cur síos ar an obair a bhíonn idir lámha aige agus é ag tabhairt léargais ar cad a tharlaíonn ag tochailtí trí thaispeántas ghrianghafanna. Leag sé béim ar oidhreacht seandálaíochta na hÉireann agus ar shuíomhanna sa chomharsanacht. Rinneadh cur síos ar shéad-chomharthaí faoi thalamh agus ar thábhacht tuiscint cruinn a bheith againn ar logainmneacha



*Daltaí scoile ó Scoil Náisiúnta Naomh Íde, Baile Locha Riach: Evgenia Igonina, Rayane Santos, Thuli Ndzula, Priscilla Donaghue, Elizabeth Maughan ag fanacht ar Cinemobile na Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge agus iad i gcuideachta lena múinteoirí Bríd Moran ó Rang 4 agus Marie Corbett, múinteoir teanga.*



*Conchúr Mac Seáin, Ciara Ní Bhaircээр, Leah Prion De Grás, James Mac Griogair, Emma Rosbothom, Seáic Ó Broinn, Conchúr Mac Lochlainn agus Eoghan Ó Dubhghaill i gcomhar leis na Fir Grinn, Na Deartháracha Fanzini nuair a bhí siad ar chamchuairt Oirthear na Gaillimhe le linn Sheachtain na Gaeilge.*



*I gceannas ar an Bhingo Gaelach a d’eagraigh an Active Retirement Association bhí: (chun tosaigh) Annette Donnellan agus Máire Ní Chorbáin (ar chúl) John Hodsoll agus Máire De Búrca.*

go háirithe. Léirigh sé go dtiocfadh neart a fhoghlaim maidir le stair na háite, cúrsaí eacnamaíochta a bhí ann agus caidreamh idir dhaoine agus iniúcadh déanta ar thochailtí. Chuir daltaí an spéis i gcúairt Thámáis agus is cosúil anois go bhfuil cuairt ar thochailt le bheith eagraithe sa chomharsanacht gan mhoill.

Bhí **Seisiún Ceoil** eagraithe i gcomhar le Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa Teach Beag agus John Joe Forde ina measc na ceoltóirí a bhí i láthair. Bhí scéalaíocht, amhránaíocht, neart craic is ceoil ann i rith na hoíche.

D'éirigh go hiontach leis an **Spraioicheist** agus cúig bhunscoil ón cheantair ag glacadh páirte in imeachtaí an lae: Scoil Náisiúnta Cill Críosta, Gaelscoil Riabhach, Scoil Náisiúnta Naomh Seosaimh, An Ghráig, agus Scoileanna Náisiúnta Naomh Breandáin is Naomh Íde ó Bhaile Locha Riach. D'éagraigh Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, an ócáid seo i gcomhar le Gael Linn agus bhí deis acu uilig taispeántas a léiriú dóibh siúd bailithe.

Bhí idir cheol agus amhránaíocht ó na daltaí sular fógraíodh buaiteoirí an lae: Foireann ó Scoil Náisiúnta Naomh Íde.

Bhí oíche airneáin: amhránaíocht, ceol is damhsa i dTigh Kinsella's le **Cleamairí Locha Riach** agus Rinceoirí Fraughan eagraithe ag 'Active Retirement Ass.' Cuireadh iontas ar an lucht eagraithe go raibh breis is céad duine i láthair i mBaile Locha Riach le sult a bhaint as imeachtaí na hoíche.

D'éirigh go hiontach leis an **Céilí Mór** i gcomhar le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Oíche Fhéile Phádraig i dTigh Kinsella's agus is cosúil gur thaisteal go leor daoine ó Oirthear na Gaillimhe is ó Co. an Chláir le bheith i láthair. Baineadh an-sult as an **Tulla Céilí Band** gan amhras.

Cuireadh clabhsúr l'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge sa bhaile agus fáilte abhaile tugtha d'iománaithe Locha Riach le linn mhórshiúil **Macnas** Domhnach 18 Márta.



*Bríd Ní Ghibín, Micheál Ó hEiligh, Michael Fahy, An t-Ath. Ó Sionnacháin agus John Joe Forde ag an seisiún ceoil sa Teach Beag i mBaile Locha Riach le linn Sheachtain na Gaeilge '07.*



*Cuid den dream 'Cleamairí Locha Riach' a tháinig le chéile le seó gaelach a dhéanamh don 'Active Retirement Ass.' Ar chúil: Pádraig Ó Baoill, Micheál Ó hEiligh agus Tommy Ward. Chun tosaigh: Michael Fahy, An t-Ath. Tomás Ó Sionnacháin, Tommy Moran, Bridget Fahy agus Bríd Ní Ghibín.*



*Suzanne Scully agus Claire Dolphin a bhí i measc ghrúpa mór ó Rinceoirí Fraughan a léirigh taispeántas don Active Retirement Ass.*





*An Tulla Céilí Band ag bualadh ceoil Oíche Fhéile Phádraig don slua ollmhór a tháinig le chéile i mBaile Locha Riach le deireannas.*



*Radharc den mhórshiúil a bhí ar siúl 18-3-07 a eagraíodh le fáilte abhaile a chur roimh iománaithe Locha Riach.*



*Fáilte abhaile curtha roimh 'Laochra Locha Riach' a bhí ag imirt i bPáirc a'Chrócaigh Lá Fhéile Phádraig.*